Cuntas Leithreasa 2013

# Vóta 29

# Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 29, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013 ar thuarastail agus chostais Oifig an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riarann an Oifig sin, agus chun deontais áirithe agus deontais i gcabhair éagsúla a íoc agus chun deontais áirithe a íoc faoi scéimeanna atá teoranta ó thaobh airgid de.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna
(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2013, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2013, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2012, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir leis an tsuim a bheidh le tabhairt suas a iarchur.

Dlitear barrachas €18.86 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo an Ráiteas faoi na Polasaithe agus na Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go dtí 6.

**Ráiteas faoi na Polasaithe agus na Prionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, cé is moite seo a leanas.

***Dímheas***

Déantar mótarfheithiclí a dhímheas thar 5 bliana ar ráta 20% in aghaidh na bliana. Déantar córais saindeartha TF áirithe agus saintrealamh chun suirbhé a dhéanamh ar ghrinneall na farraige a dhímheas thar thréimhse 10 mbliana ar ráta 10% in aghaidh na bliana, cé go ndéantar gach trealamh TF nó Oifige eile a dhímheas thar 5 bliana ar ráta 20% in aghaidh na bliana.

**Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais**

**Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach**

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

**Timpeallacht Rialaithe Airgeadais**

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na heilimintí seo a leanas mar chuid de

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach. Tá tuairisciú mionsonraithe míosúil don Choiste Bainistithe, ina gcomhcheanglaítear príomhfhaisnéis airgeadais, i bhfeidhm. Ceadaíonn sin bainistiú éifeachtach aschur, éifeachtúlachta agus cinntíonn sé luach airgid.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais.
- Bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí.
- Is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

**Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe**

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn. Seo cuid den phróiseas pleanála gnó do gach rannán. Is é cuspóir an chórais ná na rioscaí a aithint agus a mheasúnú agus bearta a bhreacrianú leis na rioscaí sin a rialú agus a bhainistiú a bhfuil ar an Roinn aghaidh a thabhairt orthu. Déantar athbhreithniú ar an gCóras Bainistithe Riosca ar bhonn leanúnach.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC.
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- Cinntíonn an Roinn go mbíonn fócas ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go mbíonn nósanna imeachta I bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad.
- I rith na bliana bronnadh sé chonradh a raibh luach iomlán €683,672 iontu gan próiseas iomaíochta a bheith i gceist. Ta sonraí faoi na conarthaí seo i mo thuarascáil bhliantúil maidir le Ciorclán 40/2002. Bhain dhá cheann de na conarthaí sin le sainriachtanais slándála an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála, bhain dhá cheann eile le soláthraithe aonair bogearraí ceadúnaithe, bhain ceann amháin le nádúr speisialaithe na hoibre agus ba é a bhí i gceist leis an gceann deireanach ná síneadh a chur le conradh a bhí ann cheana féin ó ba rud é nach bhfuarthas tairiscintí oiriúnacha tar éis an phróisis tairisceana.

**Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta**

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Mark Griffin**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha

28 Márta 2014

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 29 Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 29 Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na nGnáthamh Airgeadais Phoiblí.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 29 Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

***Tuairisciú ar ghnéithe a eascraíonn as iniúchadh***

Déileáiltear i gcaibidil 8 de mo thuarascáil faoi chuntais na seirbhísí poiblí in 2013 le hoibriú an chórais um Fhreagairt Glaonna Éigeandála.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

18 Lúnasa 2014

# Vote 29 Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha

## Cuntas Leithreasa 2013

| | | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar don mheastachán | Caiteachas | Caiteachas |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas chláir** | | | | | |
| A | Cumarsáid | | 36,835 | 22,553 | 16,710 |
| B | Craoladh | | 247,899 | 242,046 | 243,056 |
| C | Fuinneamh | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 72,733 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 10,400 | 83,133 | 74,774 | 90,966 |
| D | Acmhainní Nádúrtha | | 26,562 | 22,536 | 25,049 |
| E | Iascaigh Intíre | | 31,967 | 31,755 | 29,781 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 415,996 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 10,400 | **426,396** | **393,664** | **405,562** |
| | *Asbhaint* | | | | |
| F | **Leithreasaí i gcabhair** | | **242,601** | **237,231** | **237,320** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 173,395 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 10,400 | | | |
| | | | **183,795** | **156,433** | **168,242** |

**Farasbarr le tabhairt ar ais**

Ní mór an farasbarr a sholáthraítear thar an suim a cuireadh i bhfeidhm á thabhairt ar ais don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid d'aon leithghabháil neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr | 27,361,725 | 41,291,942 |
| Géilleadh iarchurtha | 8,500,000 | 10,400,000 |
| Farasbarr le tabhairt suas | 18,861,725 | 30,891,942 |

**Anailís de chaiteachas riaracháin**

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar don mheastachán** | **Caiteachas** | **Caiteachas** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastal, pá agus liúntais | 15,749 | 14,825 | 14,911 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 582 | 415 | 438 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,058 | 606 | 413 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 529 | 386 | 399 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TE seachtracha | 3,100 | 2,840 | 2,898 |
| vi | Costais foirgnimh oifige | 732 | 678 | 924 |
| vii | Seirbhísí comhairliúcháin agus luach ar airgead agus athbhreithniú ar bheartas | 1,901 | 1,273 | 919 |
| viii | Fearas, stór agus cothabháil | 117 | 102 | 103 |
| ix | Uachtaránacht an AE | 1,000 | 504 | 80 |
| | | 24,768 | 21,629 | 21,085 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithghabhála

## 1 Ráiteas Costais Oibriúcháin 2013

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | | 372,035 | 384,477 |
| Tuarastal | | 15,002 | 14,972 |
| Caiteachas eile | | 6,627 | 6,113 |
| **Ollchaiteachas** | | **393,664** | **405,562** |
| *Asbhaint* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **237,231** | **237,320** |
| **Glanchaiteachas** | | **156,433** | **168,242** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgead tirim | (630) | | |
| Dímheas | 1,432 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 3 | 805 | 1,211 |
| **Athruithe ar shócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgead tirim | | (1) | (9) |
| **Athruithe ar Ghlanshóchmhainní Reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe dúnta | (101) | | |
| Laghdú ar stoc | 5 | (96) | |
| | | | 1,534 |
| **Caiteachas díreach** | | **157,141** | **170,978** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 13,144 | 12,695 |
| Cíosanna barúlacha | | 3,253 | 3,266 |
| **Glanchostas an chláir** | | **173,538** | **186,939** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna measta seo a leanas i leith Vóta 29 atá curtha chun dochair áit eile.

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 7 Airgeadas | | 73 | 71 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntas Scoir | m | 8,700 | 8,831 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 4,329 | 3,766 |
| Príomhchiste – Pinsin Airí | m | 42 | 27 |
| | | 13,144 | 12,695 |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe ar an 31 Nollaig 2013

| | Nóta | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 4,560 | 5,366 |
| **Sócmhainní caipitil á bhforbairt** | 2.3 | 27 | 26 |
| | | **4,587** | **5,392** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 13,255 | 31,194 |
| Stoic | 2.5 | 229 | 234 |
| Réamhíocaíochtaí | | 112 | 84 |
| Ioncam fabhraithe | | 800 | 615 |
| Iarmhéid dochair eile | 2.6 | 138 | 132 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **14,534** | **32,259** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 387 | 276 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 1,857 | 1,437 |
| Glandliteanas don státchiste | 2.8 | 11,536 | 29,889 |
| Ioncam iarchurtha | | 101 | 101 |
| **Dliteanais iomlána reatha** | | **13,881** | **31,703** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **653** | **556** |
| **Glansócmhainní** | | **5,240** | **5,948** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas státchiste** | 2.1 | **5,240** | **5,948** |

| **2.1 Chuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2013** | **2012** |
|---|---|---|---|---|
| | | | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | | | 5,948 | 8,684 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 183,795 | | |
| Géilleadh iarchurtha | | (8,500) | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (18,862) | | |
| Vóta glan | | | 156,433 | 168,242 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | | 13,144 | 12,695 |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna | 1 | | 3,253 | 3,266 |
| Costas glan clár | 1 | | (173,538) | (186,939) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **5,240** | **5,948** |

## 2.2 Sócmhainní Caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh oifige | Fearas oifige agus TE | Fearas speisialtachta agus feithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costa nó luacháil ar 1 Eanáir 2013 | 859 | 1,253 | 20,565 | 3,851 | 26,528 |
| Breiseanna | — | 6 | 519 | 105 | 630 |
| Diúscairtí | — | (56) | (672) | — | (728) |
| Costa nó luacháil ar 31 Nollaig 2013 | 859 | 1,203 | 20,412 | 3,956 | 26,430 |
| **Dímheas carnach** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ar an 1 Eanáir 2013 | — | 1,172 | 16,924 | 3,067 | 21,163 |
| Dímheas don bhliain | — | 23 | 1,205 | 204 | 1,432 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (55) | (670) | — | (725) |
| Dímheas carnach ar an 31 Nollaig 2013 | — | 1,140 | 17,459 | 3,271 | 21,870 |
| **Glansócmhainní ar an 31 Nollaig 2013** | **859** | **63** | **2,953** | **685** | **4,560** |
| **Glansócmhainní ar an 31 Nollaig 2012** | **859** | **81** | **3,641** | **785** | **5,366** |

Níl na hiascaigh seo san áireamh i sócmhainní caipitil ach is leis an Aire iad agus faoi bhainistíocht ag Iascaigh Intíre na hÉireann.

i Gaillimh
ii Abhainn Fhia / Abhainn tSochair, Co Dhún na nGall

Baineann Talamh agus Foirgnimh le stua siopadóireachta , Ard-Oifig an Phoist, Sráid Annraoi.

Tá leas tairbhiúil ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha i Líonraí Achar Cathrach (MANanna), arbh iad údaráis áitiúla áirithe i gcomhar le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa a chuir maoiniú ar fáil dóibh. Chuir an Roinn €159 milliún san iomlán ar fáil do na MANanna sa tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2013. Níor aithníodh an leas sin i sócmhainní caipitil toisc gurb iad na húdaráis áitiúla úinéirí dlíthiúla na tailte faoinar tógadh na líonraí. Aithníonn na húdaráis áitiúla na Líonraí Achar Cathrach mar shócmhainní ina ráitis airgeadais.

**2.3 Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt**

ar an 31 Nollaig

| | Feidhmchláir agus taighde ríomhaireachta |
|---|---|
| | €000 |
| Méideanna á dtabhairt ar aghaidh ar an 1 Eanáir 2013 | 26 |
| Íocaíochtaí in airgead tirim don bhliain | 1 |
| Aistrithe go clár na sócmhainní | — |
| Méideanna a tógadh ar aghaidh ar 31 Nollaig 2103 | 27 |

**2.4 Banc agus Airgead Tirim**

ar an 31 Nollaig

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta agus airgead tirim | 13,255 | 31,499 |
| Orduithe amuigh | — | (305) |
| | 13,255 | 31,194 |

**2.5 Stoic**

ar an 31 Nollaig

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Trealamh TE | 25 | 28 |
| Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann | 197 | 198 |
| Páipéarachas | 7 | 8 |
| | 229 | 234 |

**2.6 Iarmhéideanna dochair eile**

ar an 31 Nollaig

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Aisíoc ÁSPC dlite ón Stát | 1 | 1 |
| Eile | 137 | 131 |
| | 138 | 132 |

## 2.7 Iarmhéideanna Dochair Eile

| ar an 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| **Dlite don Stát** | | |
| Cáin Shiarchoinneálach | 162 | 99 |
| Cáin Chonarthaí Iomchuí | — | 313 |
| Cáin Bhreisluacha | 264 | 233 |
| Scéim Phinsin Ranníocach | — | 2 |
| Fáltais Státchiste sa Bhreis | 132 | — |
| Géilleadh deonach pá. | — | 4 |
| | 558 | 651 |
| Fionraí | 1,299 | 786 |
| | 1,857 | 1,437 |

## 2.8 Glandliteanas don Státchiste

| ar an 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Farasbarr le tabhairt suas | 18,862 | 30,892 |
| Géilleadh iarchurtha | 8,500 | 10,400 |
| Deontas ón Státchiste gan tarraingt | (15,826) | (11,403) |
| Glandliteanas don Státchiste | 11,536 | 29,889 |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 13,255 | 31,194 |
| Iarmhéideanna dochair fionraí | 137 | 131 |
| Dlite ón Stát | 1 | 1 |
| | 13,393 | 31,326 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (558) | (651) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (1,299) | (786) |
| | (1,857) | (1,437) |
| | 11,536 | 29,889 |

## 2.9 Ceangaltais

| ar an 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| **(a) Ceangaltais dhomhanda** | | |
| (i) Fotheidil soláthair | 50,876 | 27,048 |
| (ii) Fotheidil deontais | 108,524 | 119,664 |
| | 159,400 | 146,712 |

**(b) Tionscadail chaipitil ilbhliantúla**

| Tionscadal: | Caiteachas go dtí 31 Nollaig 2012 €000 | Caiteachas i 2013 €000 | Blianta ina dhiaidh sin €000 | Tionscadal Iomlán 2013 €000 | Tionscadal Iomlán 2012 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Cláir TEC | 255,828 | 5,280 | 42,262 | 303,370 | 275,390 |
| Forbairtí Ilmheán | 29,834 | 3,848 | 14,050 | 47,732 | 43,834 |
| Cláir um fhuinneamh inbhuanaithe | 163,411 | 49,447 | 10,497 | 223,355 | 176,197 |
| Cláir taighde um fhuinneamh | 18,101 | 3,684 | 678 | 22,463 | 18,903 |
| Seirbhísí mianadóireachta | 11,259 | 4 | 3,330 | 14,593 | 14,259 |
| Tionscnaimh geo-eolaíochta | 12,278 | 2,337 | 6,734 | 21,349 | 16,089 |
| An Suirbhé Náisiúnta ar Ghrinneall na Mara | 26,570 | 3,036 | 9,000 | 38,606 | 28,970 |
| TG4 | 6,145 | 920 | 4,293 | 11,358 | 10,275 |
| | 523,426 | 68,556 | 90,844 | 682,826 | 583,917 |

Ní bhaineann figiúirí caiteachais do 2013 agus do na blianta roimhe sin ach le tionscadail a bhfuil ceangaltais orthu atá ceangailteach ó thaobh an dlí sa todhchaí.

**Athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos sa chás gur tháinig méadú de bhreis ar €500,000 ar ghealltanais ilbhliantúla idir 2012 agus 2013.

| Tionscadal | Méid an mhéadaithe €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Cláir TEC | 27,980 | Méadú ar thiomantais chonarthacha faoin gCóras Postchód Náisiúnta agus faoin Scéim Náisiúnta Leathanbhanda. |
| Forbairtí Ilmheán | 3,898 | Tiomantas an Stáit in 2013 chun infheistíocht a dhéanamh sa Lárionad Náisiúnta Taighde Dhigitigh ar feadh 5 bliana eile. |
| Cláir um fhuinneamh inbhuanaithe | 47,158 | Tiomantais bhreise faoi na Scéimeanna deontais um Fhuinneamh Níos Fearr a bhfuil sé d’aidhm acu éifeachtacht fuinnimh a spreagadh i dtithíocht chónaithe phríobháideach, i dtithe ísealioncaim agus sna hearnálacha poiblí agus tráchtála. |

| Tionscadal | Méid an mhéadaithe €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Cláir taighde um fhuinneamh | 3,560 | Tiomantais bhreise faoin gClár Taighde ar Fhuinneamh Aigéin. |
| Tionscnaimh geo-eolaíochta | 5,260 | Sraith nua de thionscadail atá á seoladh ó 2014 ar aghaidh faoi na Tionscnaimh Gheo-eolaíochta. |
| An Suirbhé Náisiúnta ar Ghrinneall na Mara | 9,636 | Tiomantais bhreise do mhapáil amach ón gcósta faoin gClár Náisiúnta um Ghrinneall na Farraige INFOMAR. |
| TG4 | 1,083 | Tiomantais bhreise maidir le bailchríoch a chur ar uasghrádú go hardghléine. |

**2.10 Fheabhsúchán Talún**

| | Caiteachas go dtí 31 Nollaig 2012 | Caiteachas i 2013 | Blianta ina dhiaidh sin | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| **Láithreán** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Mianach Abhóca | 685 | — | 3,000 | 3,685 |
| Béal Átha Gabhann | 11,188 | 2 | 400 | 11,590 |
| Monatóireacht comhshaoil in Abhóca agus i mBéal Átha Gabhann | — | 171 | 279 | 450 |
| | 11,873 | 173 | 3,679 | 15,725 |

**Suíomh Mhianach Abhóca**

Tá €3 mhilliún leithdháilte ag an Rialtas chun dul i ngleic le ceisteanna riachtanacha sláinte agus sábháilteachta ag láithreán mhianach Abhóca thar thréimhse trí bliana, ag tosú in 2014. Eascraíonn sé seo ó staidéar mór a rinneadh ar bhainistiú agus ar obair leasúcháin ar láthair mhianach Abhóca rinneadh idir 2006 agus 2008.

**Béal Átha Gabhann**

Tugadh faoi oibreacha leasúcháin ar shé láithreán mianaigh i mBéal Átha Gabhann ó 2007 go 2011 agus tá an tionscadal geall a bheith curtha i gcrích go héifeachtach. Táthar ag feitheamh go gcuirfear na hacmhainní ar fáil don chéim dheireanach. Tá foráil maidir le €400,000 déanta do 2014 maidir le talamh a cheannach agus déileáil le teagmhais a d'fhéadfadh teacht chun cinn de thoradh na monatóireachta timpeallachta atá á déanamh go leanúnach agus atá ceaptha chun aon athruithe ar an suíomh a bhrath. Meastar go mbeidh an fhoráil sin i leith teagmhas riachtanach sna blianta atá romhainn.

**Monatóireacht comhshaoil in Abhóca agus i mBéal Átha Gabhann**

Meastar go bhféadfadh suim bhreise €450,000 a bheith ag teastáil chomh maith sa tréimhse 2016 - 2018 maidir le monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar shuíomhanna Abhóca agus Bhéal Átha Gabhann.

### 2.11 Dliteanas Teagmhasach

B'fhéidir go dtiocfaidh dliteanais airgeadais i gceist in 2014 agus sna blianta ina dhiaidh sin, ag brath ar thorthaí caingean dlí de chuid an AE nó pearsan eile atá ar siúl, ar feitheamh nó a d'fhéadfadh teacht. Ní féidir na méideanna atá i gceist a chinneadh ag an bpointe seo

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fo-mhírcheann

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar don mheastachán** | **Caiteachas** | **Caiteachas** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Cumarsáid** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 4,092 | 3,847 | 3,020 |
| A.2. | Riarachán - neamh-phá | 3,064 | 2,232 | 1,179 |
| A.3 | Clár teicneolaíochta eolais agus cumarsáide | 20,291 | 8,404 | 4,826 |
| A.4 | Forbairtí Ilmheán | 5,995 | 5,868 | 7,415 |
| A.5 | Sochaí eolais | 2,891 | 2,202 | 270 |
| A.6 | Ciste do Bhainistíocht Athruithe do chomhlachtaí neamh-thráchtála maoinithe ag an Roinn | 1 | — | — |
| A.7 | Seirbhísí Eile | 501 | — | — |
| | | **36,835** | **22,553** | **16,710** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd bhí an caiteachas maidir le Clár A €14.28 milliún níos ísle ná mar a sholáthraítear. Tharla sin go háirithe mar gheall ar na nithe seo thíos:

| Fotheideal | Níos lú/ (níos mó) nó soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Clár teicneolaíochta eolais agus cumarsáide | 11,887 | Sábháil go háirithe mar gheall ar: (a) costas ar sheirbhís a sholáthar níos fearr ná mar a ceapadh faoi staid 2 de chur i bhfeidhm náisiúnta Thionscadal Leathanbhanda na Meánscoileanna (b) caiteachas níos lú ná mar a ceapadh sa tionscadal um Chóid Náisiúnta Poist toisc nár dámhadh an conradh chun an córas postchóid a fhorbairt agus a fheidhmiú go mí na Nollag. |
| Sochaí eolais | 689 | Sábháil de bharr tháillí tacaíochta agus cothabhála níos ísle maidir leis an saotharlann gréasán cumarsáide agus caiteachas a bhaineann le feachtas náisiúnta eolais don Straitéis Náisiúnta Dhigiteach a cuireadh siar go dtí 2014. |
| Seirbhísí Eile | 501 | Sábháil mar nach raibh gá leis an chiste teagmhais caipitil. |

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar don mheastachán** | **Caiteachas** | **Caiteachas** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **B** | **Craoladh** | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | 881 | 830 | 1,042 |
| B.2 | Riarachán - neamh-phá | 463 | 365 | 336 |
| B.3 | Deontas do Raidió Teilifís Éireann do tháillí ceadúnais craolacháin (deontas i gcabhair) | 185,724 | 181,538 | 179,200 |
| B.4 | Íocaíocht leis An Post chun táillí ceadúnais chraolacháin a bhailiú | 12,457 | 11,244 | 12,397 |
| B.5 | Deontas i leith Theilifís na Gaeilge (deontas-i-gcabhair) | 33,670 | 33,670 | 33,585 |
| B.6 | Ciste Craolacháin | 14,704 | 14,399 | 14,184 |
| B.7 | Deontais do theilifís dhigiteach thrastíre | — | — | 2,312 |
| | | **247,899** | **242,046** | **243,056** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd bhí an caiteachas maidir le Clár B €5.85 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tharla sin go háirithe mar gheall ar na nithe seo thíos:

| **Fotheideal** | **Níos lú/ (níos mó) nó soláthraíodh** €000 | **Míniú** |
|---|---|---|
| Deontas do Raidió Teilifís Éireann do tháillí ceadúnais craolacháin (deontas i gcabhair) | 4,186 | Bíonn íocaíochtaí deontais do RTÉ neodrach ó thaobh vóta de agus bíonn siad ag brath ar ioncam ceadúnais teilifíse a bhí níos ísle ná mar a measadh. |
| Íocaíocht leis An Post chun táillí ceadúnais chraolacháin a bhailiú | 1,213 | Ní bhaineann na híocaíochtaí seo leis an vóta agus tá siad bunaithe ar ioncam ó cheadúnais teilifíse a dhíol a bhí níos ísle ná mar a ceapadh. |

| | | | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar don mheastachán | | | Caiteachas | Caiteachas |
| | | €000 | €000 | | €000 | €000 |
| **C** | **Fuinneamh** | | | | | |
| C.1 | Riarachán - pá | | 4,373 | | 4,111 | 3,346 |
| C.2 | Riarachán - neamh-phá | | 2,161 | | 1,573 | 1,461 |
| C.3 | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann – riarachán agus costais ghinearálta (deontas i gcabhair) | | 7,607 | | 6,936 | 7,359 |
| C.4 | Cláir fuinnimh inbhuanaithe (teoranta d'airgead tirim) | | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 46,819 | | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 10,400 | 57,219 | | 56,937 | 72,698 |
| C.5 | Cláir taighde fuinnimh (teoranta d'airgead tirim) | | 11,500 | | 5,048 | 5,901 |
| C.6 | Infreastruchtúr straitéiseach fuinnimh | | 1 | | — | — |
| C.7 | Seirbhísí gáis | | 32 | | 32 | 32 |
| C.8 | Íocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta | | 240 | | 137 | 169 |
| | | | **83,133** | | **74,774** | **90,966** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd bhí an caiteachas maidir le Clár C €8.36 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tharla sin go háirithe mar gheall ar na nithe seo thíos:

| Fotheideal | Níos lú/ (níos mó) nó soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann – riarachán agus costais ghinearálta (deontas i gcabhair) | 671 | Sábháil ar an phárolla mar gur líonadh níos lú folúntas ná mar a ceapadh. |
| Cláir taighde fuinnimh (teoranta d'airgead tirim) | 6,452 | Tharla coigilteas ar chaiteachas toisc nach ndearnadh forbairt ar fhuinneamh aigéin chomh tapa is a bhíothas ag súil leis, agus níor glacadh leis an oiread scéimeanna bunaithe ar éileamh is a bhíothas ag súil leo maidir leis an gClár Taighde, Léirithe agus Forbartha um Fhuinneamh In-athnuaite. |
| Íocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 103 | Rinneadh coigilteas de bharr na moille a bhí ann maidir leis an gcomhaontú idirnáisiúnta nua leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta um Fhuinneamh In-athnuaite a chur i gcrích. |

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar don mheastachán** | **Caiteachas** | **Caiteachas** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **D** | **Acmhainní Nádúrtha** | | | |
| D.1 | Riarachán - pá | 5,696 | 5,362 | 6,372 |
| D.2 | Riarachán - neamh-phá | 2,726 | 2,143 | 2,761 |
| D.3 | Seirbhísí peitriliam | 398 | 280 | 1,119 |
| D.4 | Seirbhísí mianadóireachta | 3,692 | 1,088 | 259 |
| D.5 | Seirbhísí GSI | 600 | 632 | 466 |
| D.6 | Tionscnaimh geo-eolaíochta | 2,400 | 2,337 | 2,436 |
| D.7 | An Suirbhé Náisiúnta ar Ghrinneall na Mara | 3,000 | 3,036 | 3,044 |
| D.8 | Suirbhé Ordanáis na hÉireann (deontas i gcabhair) | 7,915 | 7,515 | 8,466 |
| D.9 | Íocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 135 | 143 | 126 |
| | | **26,562** | **22,536** | **25,049** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd bhí an caiteachas maidir le Clár D €4.03 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tharla sin go háirithe mar gheall ar na nithe seo thíos:

| **Fotheideal** | **Níos lú/ (níos mó) nó soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Seirbhísí peitriliam | 118 | Sábháil go háirithe mar gheall ar mheasúnú straitéiseach timpeallacha d'ola agus gás in Imchuacha Atlantacha Amach ó Chósta na hÉireann a chur siar go dtí 2014. |
| Seirbhísí mianadóireachta | 2,604 | Rinneadh coigiltis de bharr na moille a bhí ann maidir le tosú oibreacha feabhsúcháin ar mhianach Abhóca atá faoi úinéireacht an Stát agus toisc go raibh na híocaíochtaí cúitimh mianadóireachta níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leo. |
| Suirbhé Ordanáis na hÉireann (deontas i gcabhair) | 400 | Sábháil mar gheall ar íocaíochtaí pinsin bliantúla níos ísle ná mar a bhí sa bhuiséad. |

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar don mheastachán** | **Caiteachas** | **Caiteachas** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **E** | **Iascaigh Intíre** | | | |
| E.1 | Riarachán - pá | 907 | 852 | 1,192 |
| E.2 | Riarachán - neamh-phá | 405 | 314 | 376 |
| E.3 | Iascaigh Intíre | 30,655 | 30,589 | 28,213 |
| | | **31,967** | **31,755** | **29,781** |

**Athruithe suntasacha**

Tugtar míniú i gcás gach fotheidil caiteachais mar a raibh an toradh éagsúil ón tsuim a cuireadh ar fáil, faoi níos mó ná €100,000, agus faoi níos mó ná 5% (25% i gcás na bhfotheideal riaracháin). Níor chomhlíon aon toradh den chlár D na critéir seo i 2013.

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasuithe-i-gcabhair | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Fáltais ó fhíneálacha de bharr choireanna iascaireachta | 50 | 34 | 36 |
| 2. | Fáltais faoin Acht Forbartha Mianraí 1940 agus faoin Acht um Fhorbairt Pheitriliam agus Mianraí Eile, 1960. | 12,331 | 11,359 | 12,376 |
| 3. | Grúpa Tacaíochta um Bonneagar Peitriliam | 192 | 227 | 1,104 |
| 4. | Táillí ceadúnais chraolacháin | 222,130 | 216,426 | 215,028 |
| 5. | Ioncam ó Shuirbhé Geolaíocht Éireann | 1,215 | 1,809 | 1,344 |
| 6. | Cíos ar áitribh an Ard-oifig an Phoist | 223 | 258 | 222 |
| 7. | Seirbhís fhreagartha do ghlaoch éigeandála | 250 | — | 250 |
| 8. | Éagsúil | 2,333 | 3,093 | 2,815 |
| 9. | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 3,877 | 4,025 | 4,145 |
| | **Iomlán** | **242,601** | **237,231** | **237,320** |

| Ilghnéitheach | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Ranníocaíochtaí pinsean ó ghníomhaireachtaí | 1,010 | 1,596 |
| Costais a fuarthas ar ais ó chomhlachtaí eile | 238 | 56 |
| Próiseas fíoraithe na Coiribe | 432 | 255 |
| Forchúiteamh ón AE do chaiteachas na hUachtaránachta | 203 | — |
| Dleachtanna maidir le Líonraí Achar Cathrach | 760 | 786 |
| Aisíocaíocht maidir leis an aistriú digiteach | 177 | — |
| Aisíocaíocht maidir leis an tSuirbhéireacht Náisiúnta ar Ghrinneall na Farraige | 150 | — |
| Eile | 123 | 122 |
| **Iomlán** | **3,093** | **2,815** |

**Míniú ar dhifríochtaí suntasacha**

Tá míniú thíos i gcás gach fotheideal nuair ba mhó ná €100,000 agus ná 5% an difríocht idir an tsuim a measadh agus an toradh.

| Ceannteideal | Níos lú/ (níos mó) nó soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais faoin Acht Forbartha Mianraí 1940 agus faoin Acht um Fhorbairt Pheitriliam agus Mianraí Eile, 1960. | 972 | Fáltais níos lú ná mar a ceapadh mar go raibh an mhéid a tógadh amach ó mhianaigh phríobháideacha níos lú ar feadh na bliana. |
| Táillí ceadúnais chraolacháin | 5,704 | Bíonn táillí ceadúnais craolacháin ag brath ar dhíol na gceadúnas teilifíse agus ní féidir leibhéal na bhfáltas a mheas go cruinn. |
| Ioncam ó Shuirbhé Geolaíocht Éireann | (594) | Fáltais níos airde ná mar a ceapadh mar gheall ar an Tellus Border Geological Project a bheith chun tosaigh ar an sceideal. |
| Seirbhís fhreagartha do ghlaoch éigeandála | 250 | Tá an tionscadal seo neodrach maidir leis an Vóta. Ó ba rud é nár cuireadh bailchríoch i rith na bliana ar shonraí na dtionscadal atá le maoiniú faoin mbeart seo níor tabhaíodh aon chaiteachas agus níor aithníodh aon ioncam. |
| Éagsúil | (760) | Fáltais níos airde na mar a ceapadh mar gur íocadh ar ais airgead deontais ón SEAI agus de bharr costais i dtaca le hUachtaránacht an AE a fháil ar ais. |

**4.2 Fáltais sa bhreis iníoctha leis an Státchiste**

Bailíodh Fáltais arbh fhiú €143,057 iad i rith na bliana lena n-aistriú chuig an Státchiste. B'fhiú €11,537 na fáltais a bailíodh agus a aistríodh chuig an Státchiste i rith na bliana. Bhain na fáltais sin le pá a tugadh ar ais go deonach. Fuarthas €131,520 san iomlán ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Bhain €100,101 le brabús a fuarthas ón gComhdháil Idirnáisiúnta um Fhuinneamh Aigéin in 2012 agus bhain €31,419 le haisíocaíochtaí maidir le tionscadail a bhí maoinithe ag an AE. Fuarthas na méideanna sin go déanach in 2013 agus a aistríodh iad chuig an státchiste go luath in 2014.

# 5 Líon na bhFostaithe agus Pá

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| **Líon baill foirne ag deireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | | |
| Roinn | 246 | 248 |
| Gníomhaireachtaí | 891 | 900 |
| | 1,137 | 1,148 |

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tuarastal | 35,112 | 27,329 |
| Liúntais Ard-dhualgais, do dhualgais speisialta nó bhreise | 307 | 125 |
| Liúntais eile | 1,286 | 1,400 |
| Ragobair | 156 | 199 |
| ÁSPC an Fhostaí | 2,861 | 2,872 |
| **Pá iomlán** | **39,722** | **31,925** |

Tagraíonn na socruithe íocaíochta do ghné pá na bhFoteideal A1, A4, B1, C1, C3, D1, E1 agus E3.

**5.1 Roinn**

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tuarastal | 13,966 | 13,951 |
| Liúntais Ard-dhualgais, do dhualgais speisialta nó bhreise | 108 | 103 |
| Liúntais eile | 78 | 106 |
| Ragobair | 62 | 43 |
| ÁSPC an Fhostaí | 788 | 769 |
| **Pá iomlán** | **15,002** | **14,972** |

**Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon daoine a fuair | Líon daoine a fuair €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is mó | Íocaíocht aonair is mó do dhuine amháin |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2013 | 2012 |
| | | | € | € |
| Ard-dhualgais, dualgais speisialta nó bhreise | 13 | 7 | 16,587 | 20,614 |
| Liúntais eile | 32 | 2 | 13,198 | 12,227 |
| Ragobair | 37 | — | 9,931 | 11,270 |

Fuair daoine áirithe íocaíocht sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin.

**5.2 Gníomhaireachtaí**

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Tuarastal | 21,146 | 13,378 |
| Liúntais Ard-dhualgais, do dhualgais speisialta nó bhreise | 199 | 22 |
| Liúntais eile | 1,208 | 1,294 |
| Ragobair | 94 | 156 |
| ÁSPC an Fhostaí | 2,073 | 2,103 |
| **Pá iomlán** | **24,720** | **16,953** |

**Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | **Líon daoine a fuair** | **Líon daoine a fuair €10,000 nó níos mó** | **Íocaíocht aonair is mó** | **Íocaíocht aonair is mó do dhuine amháin** |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2013** | **2012** |
| | | | **€** | **€** |
| Ard-dhualgais, dualgais speisialta nó bhreise | 6 | 2 | 12,062 | 12,565 |
| Liúntais eile | 312 | — | 9,291 | 11,263 |
| Ragobair | 38 | 1 | 10,588 | 18,233 |

Fuair daoine áirithe íocaíocht sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin.

Is iad Iascaigh Intíre na hÉireann, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach agus Gníomhaireacht na Lochanna na príomhghníomhaireachtaí atá san áireamh thuas.

Tá na suimeanna airgid neamhvótáilte san áireamh den chéad uair riamh i bhfigiúirí na bliana 2013. Tá siad le fáil i Nóta 5 agus i Nóta 5.2 agus rinneadh amhlaidh d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Ciorclán 17/2013).

**5.3 Socruithe Eile Luach Saothair– Foireann na Roinne**

Rinneadh íocaíocht ex-gratia €11,486 le hiarfhostaí Roinne i ndáil le sochair scoir a comhaontaíodh.

# 6. Ilchineálach

### 6.1 Maoiniú AE

Áirítear leis an toradh a thaispeántar faoi Fhotheideal A.3 caiteachas €8.40 milliún ar chlár teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide do 2013 (€4.83 milliún in 2012) ach san áireamh sa bhfigiúr sin tá caiteachas €1.57 milliún (€1.09 milliún in 2012) a ndearna Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa comh-mhaoiniú air.

### 6.2 Coistí agus Coimisiúin

Íocadh €705 (2012: €56,267) maidir le costais éagsúla a tharla de bharr a bheith páirteach i mBinse Fiosraithe Moriarty.

### 6.3 Costais Dlí

Is féidir costais dlí a íocadh i rith na bliana a rangú mar seo a leanas:

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costais Dlí | — | — |
| Costais Chúitimh | 154 | — |
| | 154 | — |

### 6.4 Ciste Cláir Bhonneagair Pheitriliam

Ráiteas ar fháltais agus íocaíochtaí Chiste Cláir Bhonneagair Pheitriliam don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013.

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | 8,116 | 7,284 |
| Fáltais | 295 | 1,109 |
| Íocaíochtaí | (273) | (277) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig | 8,138 | 8,116 |

Bunaíodh an Clár Bonneagair Pheitriliam (CBP) i 1997 agus tá sé maoinithe ag cuideachtaí ola le ceadúnais taiscéalaíochta amach ón gcósta eisithe ag an Rannán Gnóthaí Peitriliaim. Tá sé mar aidhm aige taiscéalaíocht agus gníomhaíochtaí forbartha hidrea-carbóin a chur chun cinn trí struchtúir tacaíochta áitiúla a láidriú, maoiniú ar bhailithe sonraí taighde agus taighde 'bunaithe ar an talamh' i limistéir amach ó chósta na hÉireann agus soláthraíonn sé fóram comhoibrithe i measc taisceolaithe agus taighdeoirí. Taifeadtar fáltais maidir leis an CBP ciste mar leithreasaí-i-gcabhair agus íoctar iad isteach sa chiste trí mheán Fotheidil D.3.

Déanann Rannóg Gnóthaí Peitriliam na Roinne riaradh ar an chiste.

### 6.5 Tabhairt ar Aghaidh

Faoi fhorálacha Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, tugadh €8.5 milliún den leithdháileadh neamhchaite maidir le heilimintí caipitil na bhfotheideal C.4 ar aghaidh go 2014.